2025/698

11.4.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/698 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Aibreán 2025

lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ar allmhairí glútamáite monasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad trí allmhairí glútamáite monasóidiam a choinsínítear ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) (an bun-Rialachán), agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Na bearta atá ann cheana

(1) I mí na Nollag 2008, le Rialachán (CE) Uimh. 1187/2008 ón gComhairle ([2]), d'fhorchuir Comhairle an Aontais Eorpaigh dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') iad. Tá na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm idir 36,5 % agus 39,7 % le haghaidh allmhairí de thionscnamh na Síne. An t-imscrúdú ('an t-imscrúdú bunaidh') as ar eascair na dleachtanna sin, tionscnaíodh é i mí Mheán Fómhair 2007 í ([3]).

(2) I mí Eanáir 2015, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') síneadh le bearta an bhun-Rialacháin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/83 ón gCoimisiún ([4]).

(3) I mí Dheireadh Fómhair 2020, tar éis imscrúdú frith-imchéimniúcháin a dhéanamh, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1427 ón gCoimisiún ([5]), leathnaíodh na bearta a bhí ann cheana chun allmhairí glútamáite monasóidiam isteach san Aontas i meascán nó i dtuaslagán, ina bhfuil 50 % nó níos mó de ghlútamáit mhonasóidiam de réir meáchan tirim, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, a chumhdach.

(4) I mí Aibreáin 2021, tar éis athbhreithniú éaga, chuir an Coimisiún síneadh eile leis na bearta a bhí ann cheana le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún ([6]).

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21. ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1187/2008 ón gComhairle an 27 Samhain 2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí glútamáite monasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 322, 2.12.2008, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1187/oj).

([3]) Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí glútamáite monasóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C 206, 5.9.2007, lch. 20).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/83 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí glútamáite monasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 15, 22.1.2015, lch. 31. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/83/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1427 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020, lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/83 ar allmhairí glútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad chun allmhairí glútamáit mhonasóidiam i meascán nó i dtuaslagán ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad a chumhdach (IO L 336, 13.10.2020, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1427/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndinéise iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 63. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/633/oj).

1.2. **Iarraidh**

(5) An 6 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún iarraidh de bhun Airteagail 13(3) agus 14(5) den bhun-Rialachán chun imscrúdú a dhéanamh ar imchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur ar allmhairí glútamáite monasóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne trí allmhairí glútamáite monasóidiam a choinsínítear ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe ('an iarraidh').

(6) Chuir Ajinomoto Foods Europe, an t-aon táirgeoir glútamáite monasóidiam san Aontas ('an t-iarratasóir') an iarraidh isteach.

(7) Bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh gur tháinig athrú ar an ngréasán trádála a bhaineann le honnmhairí ón tSín agus ón Malaeisia go dtí an tAontas, ar athrú é a tharla i ndiaidh bearta a fhorchur ar ghlútamáit mhonasóidiam de thionscnamh na Síne.

(8) Thairis sin, tugadh fianaise san iarraidh a léirigh gur chosúil gur eascair an t-athrú sin as cleachtas, próiseas nó obair nach bhfuil cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis seachas síneadh leis an dleacht, is é sin trasloingsiú an táirge lena mbaineann tríd an Malaeisia chuig an Aontas. A mhéid atá aon phróiseáil déanta ar ábhair ionchuir glútamáite monasóidiam sa Mhalaeisia, líomhnaíodh san iarraidh nach mbeadh i gceist le próiseáil den chineál sin ach oibríocht chóimeála/lánchríochnaithe agus go mba cheart a mheas gurb ionann an oibríocht sin agus imchéimniú ar na bearta atá i bhfeidhm de réir bhrí Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán.

(9) Thairis sin, léiríodh le fianaise leordhóthanach a bhí san iarraidh go raibh an cleachtas, próiseas nó obair ag baint an bhoinn d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá ann cheana ó thaobh cainníochtaí agus praghsanna de. Is cosúil gur tháinig méideanna suntasacha d'allmhairí an táirge faoi imscrúdú isteach i margadh an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, bhí fianaise leordhóthanach ann gur ar phraghsanna díobhálacha a rinneadh na hallmhairí glútamáite monasóidiam sin.

(10) Ar deireadh, bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh maidir le glútamáit mhonasóidiam a choinsínítear ón Malaeisia gur onnmhairíodh ar phraghsanna dumpáilte iad i ndáil leis an ngnáthluach a suíodh roimhe seo le haghaidh glútamáit mhonasóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

1.3. **An táirge lena mbaineann agus an táirge faoi imscrúdú**

(11) Is é an táirge a mbaineann an t-imchéimniú féideartha leis glútamáit mhonasóidiam, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2922 42 00 (cód TARIC 2922 42 00 20) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é ('an táirge lena mbaineann'). Is é sin an táirge a bhfuil feidhm ag na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis.

(12) Is ionann an táirge atá faoi imscrúdú agus an táirge lena mbaineann, atá faoi láthair faoi chód AC ex 2922 42 00 ach a choinsínítear ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia é nó ná bíodh (cód TARIC 2922 42 00 15) ('an táirge faoi imscrúdú').

(13) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna, mar aon leis na húsáidí céanna, ag an glútamáit mhonasóidiam a onnmhairítear ón tSín chuig an Aontas agus iad sin a choinsínítear ón Malaeisia, bíodh siad de thionscnamh na Malaeisia nó ná bíodh, agus dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

1.4. **Tionscnamh**

(14) Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas agus a chinneadh go raibh fianaise leordhóthanach ann chun imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú agus chuir sé allmhairí glútamáite monasóidiam a choinsínítear ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, faoi réir a gcláraithe, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1976 ón gCoimisiún ([7]) ('an Rialachán tionscnaimh').

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) 2024/1976 an 19 Iúil 2024 lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála a forchuireadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad trí allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam a choinsínítear ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L, 2024/1976, 22.7.2024, lch. 36. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1976/oj).

(15) Sonraítear sa Rialachán tionscnaimh, má aithnítear cleachtais imchéimniúcháin a chumhdaítear le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán le linn an imscrúdaithe, seachas an ceann a luaitear in aithris (12) de, féadfaidh an t-imscrúdú na cleachtais sin a chumhdach freisin.

1.5. **Tréimhse imscrúdúcháin agus tréimhse thuairiscithe**

(16) Chumhdaigh an tréimhse imscrúdúcháin an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Bailíodh sonraí ar feadh na tréimhse imscrúdúcháin chun imscrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar an athrú líomhainte ar an ngréasán trádála tar éis fhorchur na mbeart ar an táirge lena mbaineann, agus chun féachaint arbh ann do chleachtas, próiseas nó obair nach raibh údar maith leordhóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch leis seachas forchur na dleachta. Bailíodh sonraí níos mionsonraithe le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('an tréimhse thuairiscithe') féachaint an raibh allmhairí ag baint an bhoinn d'éifeacht cheartaitheach na mbeart atá i bhfeidhm ó thaobh praghsanna agus/nó cainníochtaí de agus arbh ann don dumpáil.

1.6. **Imscrúdú**

(17) Chuir an Coimisiún údaráis na Síne agus na Malaeisia, an tairgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa Mhalaeisia (Ajinoriki MSG (M) Sdn Bhd ('Ajinoriki')), tionscal an Aontais agus na hallmhaireoirí aitheanta san Aontas ar an eolas go hoifigiúil maidir le tionscnamh an imscrúdaithe.

(18) Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Malaeisia go dtí an tAontas Eorpach ainmneacha agus seoltaí táirgeoirí onnmhairiúcháin agus/nó comhlachais ionadaíochta a sholáthar dó, ar táirgeoirí agus comhlachais iad a bhféadfadh suim a bheith acu i rannpháirtíocht san imscrúdú i dteannta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Malaeisia, a shainaithin an t-iarratasóir san iarraidh. Dheimhnigh misean na Malaeisia don Choimisiún gurb é Ajinoriki an t-aon chuideachta sa Mhalaeisia arb eol go bhfuil baint aici le táirgeadh glútamáite monasóidiam.

(19) Cuireadh foirmeacha éilimh agus ceistneoirí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála do na táirgeoirí/na honnmhaireoirí sa Mhalaeisia, agus le haghaidh allmhaireoirí san Aontas.

(20) Níor chuir ach Ajinoriki foirm éilimh ar dhíolúine agus freagra ceistneora isteach.

(21) Thairis sin, chuir 4 allmhaireoir de chuid an Aontais freagraí ar an gceistneoir isteach. Ní dhearnadh tuilleadh anailíse ar cheann amháin de na cuideachtaí sin toisc nár allmhairigh sé glútamáit monasóidiam ón Malaeisia. Bhain an Coimisiún úsáid as na freagraí a thug na hallmhaireoirí eile ar na ceistneoirí chun cros-seiceáil a dhéanamh ar shreafaí trádála agus ainmneacha soláthróirí ón Malaeisia.

(22) Agus an fhaisnéis agus na staidrimh arna soláthar ag an iarratasóir agus ag cuideachtaí comhoibríocha na Malaeisia á bhfíorú, reáchtáil an Coimisiún comhairliúcháin ar an láthair le hÚdaráis na Malaeisia, is iad sin, leis an Aireacht Infheistíochta, Trádála agus Tionscail, Gníomhaireacht Forbartha Infheistíochta na Malaeisia, Suruhanjaya Syarikat Malaysia (clár na gcuideachtaí poiblí), an Bord Ioncaim Intíre, Roinn Custaim Ríoga na Malaeisia agus Údarás Calafoirt Port Klang.

(23) Thairis sin, rinne an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin in áitribh Ajinoriki de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán.

(24) Tugadh an deis do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh laistigh den teorainn ama a leagtar amach sa Rialachán tionscnaimh. Cuireadh na páirtithe uile ar an eolas go bhféadfaí Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm mura gcuirfí an fhaisnéis ábhartha uile isteach nó dá gcuirfí faisnéis neamhiomlán, bhréagach nó mhíthreorach isteach agus go bhféadfaí, dá bhrí sin, na torthaí a bhunú ar na fíorais atá ar fáil.

2. **TORTHAÍ AN IMSCRÚDAITHE**

2.1. **Breithnithe ginearálta**

(25) Líomhnaíodh san iarraidh trasloingsiú an táirge lena mbaineann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tríd an Malaeisia agus, dá ndéanfaí aon phróiseáil sa Mhalaeisia, gurbh ionann sin agus oibríocht chóimeála/chríochnaithe a rachadh timpeall ar na bearta de réir bhrí Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán (féach aithris (7)).

(26) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, ba cheart anailís a dhéanamh ar na heilimintí seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar imchéimniú féideartha:

— an raibh athrú ar an ngréasán trádála idir an tSín/an Mhalaeisia agus an tAontas,

— an eascraíonn an t-athrú sin as cleachtas, as próiseas nó as obair nach raibh cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis, seachas na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm a fhorchur,

— an bhfuil fianaise maidir le díobháil ann nó an raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm ó thaobh phraghsanna agus/nó chainníochtaí an táirge faoi imscrúdú, agus

— an bhfuil fianaise maidir leis an dumpáil ann i ndáil leis na gnáthluachanna a suíodh roimhe sin don táirge lena mbaineann.

(27) Bhain an t-imscrúdú le gach cleachtas a chumhdaítear le hAirteagal 13 den bhun-Rialachán (féach aithris (15)), agus dá bhrí sin rinne an Coimisiún anailís freisin féachaint an oibríochtaí cóimeála nó críochnaithe iad oibríochtaí Ajinoriki sa Mhalaeisia de réir bhrí Airteagal 13(2). Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún anailís shonrach ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 13(2), go háirithe:

— ar cuireadh tús leis an oibríocht chóimeála/chríochnaithe, nó ar tháinig méadú mór uirthi, ón tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú frithdhumpála, nó díreach roimhe, agus an ón tír atá faoi réir na mbeart iad na páirteanna lena mbaineann, agus

— an é atá sna páirteanna 60 % nó níos mó de luach iomlán pháirteanna an táirge tar éis a chóimeáilte agus an raibh an breisluach a cuireadh leis na páirteanna a tugadh isteach, le linn na hoibríochta cóimeála nó críochnaithe, níos mó ná 25 % de na costais mhonaraíochta.

2.2. **Comhar**

(28) Mar a shonraítear in aithris (25), d'iarr Ajinoriki, an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta de ghlútamáit mhonasóidiam sa Malaeisia, go ndéanfaí é a dhíolmhú ó na bearta sin dá ndéanfaí na bearta a leathnú chun an Mhalaeisia a chumhdach. Chomhoibrigh sé le linn an imeachta ar fad trí fhoirm éilimh ar dhíolúine agus freagra ceistneora a chur isteach, agus trí chomhaontú le fíorú ar an láthair. Ós rud é go raibh beagnach iomlán mhéideanna allmhairí na Malaeisia a taifeadadh i staitisticí allmhairiúcháin Eurostat le linn na tréimhse tuairiscithe i gceist leis na méideanna díolachán comhiomlánaithe de ghlútamáit monasóidiam chuig an Aontas a thuairiscigh Ajinoriki ina fhoirm éilimh ar dhíolúine, measadh go raibh an leibhéal comhair ard ([8]).

2.3. **Athrú ar an ngréasán trádála idir tríú tíortha agus an tAontas**

(29) Léirítear i dTábla 1 thíos an fhorbairt atá tagtha ó thaobh méide de ar allmhairí glútamáite monasóidiam ón Malaeisia go dtí an tAontas. Ó 2020 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig méadú níos mó ná ocht n-uaire déag ar an méid, is é sin ó tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga deireanach ar na bearta reatha in 2020 ([9]) agus i gcomhthráth freisin le síneadh na mbeart chun allmhairí glútamáite monasóidiam i meascán nó i dtuaslagán de thionscnamh na Síne isteach san Aontas a chumhdach ([10]).

([8]) Ar an gcúis sin, ionas nach nochtfar faisnéis a bhaineann go sonrach le cuideachta, tugtar figiúirí le haghaidh Ajinoriki chomh maith le hallmhairí glútamáite monasóidiam ón Malaeisia isteach san Aontas ó Eurostat i raonta sa Rialachán seo.

([9]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndinéise iad (IO C 20, 21.1.2020, lch. 18).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1427 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020, lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/83 ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad chun allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam i meascán nó i dtuaslagán ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad a chumhdach (IO L 336, 13.10.2020, lch. 1). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1427/oj***).

Tábla 1

Allmhairí glútamáite monasóidiam an Aontais ón Malaeisia (tonaí méadracha)

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse tuairiscithe
An Mhalaeisia	0 - 500	500 - 1 000	500 - 1 000	9 500 - 10 000	8 500 - 9 000
Innéacs (bonn = 2020)	*100*	*133*	*152*	*2 109*	*1 875*

Foinse: Eurostat (leibhéal TARIC)

(30) Tá treocht mhéadaitheach chomhchosúil le feiceáil idir 2020 agus 2023 i dtábla 2 maidir le hallmhairí glútamáite monasóidiam ón tSín isteach sa Mhalaeisia ó 11 188 dtona in 2020 go 23 923 thona in 2023.

Tábla 2

Allmhairí glútamáite monasóidiam na Malaeisia ón tSín (tonaí méadracha)

	2020	2021	2022	2023
an tSín	11 188	17 807	19 294	23 923
Innéacs (bonn = 2020)	*100*	*159*	*172*	*214*

Foinse: Roinn Staidrimh na Malaeisia - cód taraife custaim na Malaeisia 2922 42 20 00

(31) I dTábla 3, taispeántar forbairt allmhairí aigéad glútamach na Malaeisia ón tSín. Is réamhtheachtaí díreach é aigéad glútamach do ghlútamáit mhonasóidiam ([11]). Ní raibh aon allmhairí aigéid ghlútamaigh ann go dtí 2021, agus in 2023 bhí allmhairí 18 286 thona i gceist.

Tábla 3.

Allmhairí aigéid ghlútamaigh na Malaeisia ón tSín (tonaí méadracha).

	2020	2021	2022	2023
an tSín	neamhbhainteach	14 367	18 444	18 286
Innéacs (bonn = 2021)	*neamhbhainteach*	*100*	*128*	*127*

Foinse: Roinn Staidrimh na Malaeisia - cód taraife custaim na Malaeisia 2922 42 10 00

(32) Athrú ar an ngréasán trádála idir an tSín, an Mhalaeisia agus an tAontas de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála is ea an méadú ar onnmhairí glútamáite monasóidiam ón tSín go dtí an Mhalaeisia agus ón Malaeisia go dtí an tAontas, chomh maith leis an méadú ar onnmhairí aigéid ghlútamaigh ón tSín go dtí an Mhalaeisia.

([11]) Tá trí chéim i bpróiseas táirgthe glútamáite monasóidiam: (i) déantar foinse siúcra a choipeadh chun aigéad glútamach a tháirgeadh, (ii) déantar an t-aigéad glútamach a eastóscadh agus a scagadh; agus (iii) déantar an t-aigéad glútamach scagtha a thiontú ina shalann, agus ansin déantar an ghlútamáit mhonasóidiam a íonghlanadh, a chriostalú agus a phacáistiú (féach roinn 24 den iarraidh).

2.4. **Cleachtas, próiseas nó obair**

2.4.1. *Oibríocht chóimeála*

(33) D'iarr Ajinoriki díolúine ar an bhforas go dtáirgeann sé glútamáit mhonasóidiam ina ghléasra féin agus dá bhrí sin, dar leis, nach dtéann sé timpeall ar na bearta maidir leis an tSín. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) den bhun-Rialachán frithdhumpála, ní mór scrúdú a dhéanamh ar an oibríocht phróiseála a rinneadh in aon chás chun oibríocht chóimeála i dtríú tír atá ag teacht timpeall go héifeachtach ar na bearta atá i bhfeidhm a eisiamh. Chun oibríocht chóimeála den sórt sin a mheas, ní mór na critéir a luaitear in aithris (27) a chomhlíonadh go carnach.

2.4.1.1. Tús na n-oibríochtaí agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí

(34) Bunaíodh Ajinoriki sa bhliain 2016. Bhain an infheistíocht tosaigh le ceannach talún, tógáil na monarchan agus trealamh táirgeachta a fháil ón tSín den chuid is mó. Chuir an mhonarcha tús lena hoibríochtaí le linn 2019, agus táirgeadh na chéad onnmhairí glútamáite monasóidiam le linn an 4ú ráithe 2019, i.e. i bhfad tar éis thionscnamh an imscrúdaithe bunaidh as ar eascair na bearta reatha.

(35) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar onnmhairí an táirgeora chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe:

Tábla 4.

Onnmhairí glútamáite monasóidiam de chuid Ajinoriki chuig an Aontas (tonaí méadracha)

An Mhalaeisia	2020	2021	2022	2023	An tréimhse tuairiscithe
Onnmhairí	0 - 500	1 500 - 2 000	1 500 - 2 000	8 000 - 8 500	8 000 - 8 500
Innéacs (bonn = 2020)	*100*	*554*	*493*	*2 794*	*2 732*

Foinse: sonraí fíoraithe an táirgeora, tonaí méadracha

(36) Léirítear an t-aistriú ó thrialacha tosaigh go hoibriú rialta freisin sna cainníochtaí aigéid ghlútamaigh (réamhtheachtaí láithreach glútamáite monasóidiam) a cheannaigh an táirgeoir ó sholáthróirí Síneacha. Cheannaigh Ajinoriki aigéad glútamach ón tSín amháin. Léiríonn comparáid leis an staidreamh oifigiúil (féach Tábla 3) gurb é Ajinoriki an t-aon tairgeoir glútamáite monasóidiam sa Mhalaeisia agus go raibh sé freagrach as beagnach gach allmhairiú aigéid ghlútamaigh ón tSín chuig an Mhalaeisia:

Tábla 5

Ceannacháin aigéid ghlútamaigh de chuid Ajinoriki ón tSín

an tSín	2020	2021	2022	2023
Ceannacháin fhíoraithe an táirgeora	7 000 - 7 500	15 500 - 16 000	18 500 -19 000	17 500 - 18 000
Innéacs (bonn = 2020)	*100*	*211*	*252*	*241*

Foinse: sonraí fíoraithe an táirgeora, tonaí méadracha

(37) Dá brí sin, mheas an Coimisiún sa deireadh gur cuireadh tús leis an oibríocht ó thionscnamh an imscrúdaithe bhunaidh frithdhumpála, agus is ón tír atá faoi réir na mbeart na páirteanna ábhartha.

2.4.1.2. Luach páirteanna agus breisluach

(38) Táirgeann an tairgeoir glútamáit monasóidiam trí aigéad glútamach a imoibriú le luaithreach sóide i dtuaslagán uiscí trí theas a chur air.(ag baint úsáid as gal uisce arna ghiniúint le gás). Scaoiltear an ghlútamáit mhonasóidiam a eascraíonn as an imoibriú ceimiceach idir aigéad glútamach agus luaithreach sóide ó eisíontais trí charbón gníomhachtaithe púdraithe a úsáid. Ní allmhairíonn Ajinoriki carbón gníomhachtaithe púdraithe ach ón tSín, agus is as Stát Aontaithe Mheiriceá a thagann an luaithreach sóide a úsáideann sé.

(39) Bunaithe ar na figiúirí fíoraithe a tugadh sa fhreagra ar an gceistneoir, [85-99] % de luach iomlán gach páirte den táirge cóimeáilte a bhí i gceist le luach comhcheangailte an aigéid ghlútamaigh agus an charbóin ghníomhachtaithe phúdraithe sa tréimhse tuairiscithe. Dá bhrí sin, comhlíonadh an critéar 60 % a leagtar amach in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán. Ina theannta sin, bunaithe ar an bhfaisnéis fhíoraithe a cuireadh ar fáil sa fhreagra ar an gceistneoir sa tréimhse tuairiscithe, ba é [11-17] % den chostas monaraíochta iomlán (baineadh na costais phacáistithe) an luach a cuireadh leis na codanna allmhairithe, rud a fhágann go bhfuil sé faoi bhun na tairsí 25 % a leagtar amach in Airteagal 13(2)(b) den bhun-Rialachán.

2.4.2. *Trasloingsiú*

(40) Ina theannta sin, léirigh fíorú ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil i bhfreagra ceistneora Ajinoriki go raibh neamhréireachtaí tromchúiseacha ann maidir le stoic glútamáite monasóidiam féintáirgthe. Agus costas táirgthe Ajinoriki maidir le glútamáit mhonasóidiam ina stoic mar a tuairiscíodh ina fhreagra ceistneora agus a chostas táirgthe sa tréimhse tuairiscithe á gcur san áireamh, rinneadh luach an stoic ag tús na tréimhse tuairiscithe a thearcluacháil nó rinneadh áibhéil faoi mhéid an stoic. Dá bhrí sin, ós rud é nach raibh an Coimisiún in ann méid an stoic a shuí ag tús na tréimhse tuairiscithe ná an chainníocht iomlán a díoladh a réiteach leis an gcainníocht iomlán a táirgeadh sa tréimhse tuairiscithe, níorbh fhéidir leis a shuí gur tháirg an chuideachta na cainníochtaí uile de ghlútamáit mhonasóidiam a díoladh, mar a dearbhaíodh sa fhreagra ar an gceistneoir. Ní raibh an chuideachta in ann na neamhréireachtaí a mhíniú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do Ajinoriki, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, go raibh sé beartaithe aige brath ar fhíorais atá ar fáil i ndáil leis na cainníochtaí nach raibh siad in ann a mhíniú ('litir Airteagal 18').

(41) Ina fhreagra ar litir Airteagal 18, dúirt Ajinoriki go bhfuil an fhaisnéis a tuairiscíodh sa fhreagra ar an gceistneoir ceart. Sholáthair Ajinoriki taifid áirimh stoic an iniúchóra a bhí mar bhonn le luacháil an stoic sna ráitis airgeadais agus lenar deimhníodh na cainníochtaí a tuairiscíodh sa cheistneoir. Chun an neamhréireacht idir an luach a tuairiscíodh sna ráitis airgeadais agus an chainníocht sa stoc a réiteach, mhínigh Ajinoriki, in ionad chostas táirgthe MYR [5 – 6] in aghaidh an chileagraim mar a luadh i leagan níos luaithe den fhreagra ar an gceistneoir, nár measadh ach MYR [1-2] chun críocha na ráiteas airgeadais don bhliain fhioscach ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023. Bhí an t-athbhreithniú sin ar an gcostas táirgthe bunaithe go bunúsach ar tháirgeacht glútamáite monasóidiam sa raon idir trí agus ceithre oiread ionchur toirte aigéid ghlútamaigh. Na meánchostais táirgthe MYR [1-2] in aghaidh an chileagraim a fuarthas ar an gcaoi sin, áiríodh iad i leagan athbhreithnithe den fhreagra ar an gceistneoir agus d'fhágfadh siad go bhféadfaí réiteach a dhéanamh idir an luach a tuairiscíodh sna ráitis airgeadais agus cainníocht chomhfhreagrach glútamáite monasóidiam sa stoc.

(42) Rinne an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis a fuarthas ó Ajinoriki agus chinn sé go raibh sí neamhchinntitheach. Go háirithe, ní raibh an fhaisnéis maidir le cainníochtaí na n-amhábhar a úsáideadh chun glútamáit mhonasóidiam a tháirgeadh ag teacht le sonraí fíoraithe na cuideachta agus leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil go ginearálta. Mar shampla, ní raibh an cóimheas idir aigéad glútamach agus glútamáit mhonasóidiam de réir thaifid táirgeachta Ajinoriki féin sa tréimhse tuairiscithe ag teacht leis an gcóimheas a leagtar amach i bhfreagra Ajinoriki ar litir Airteagal 18. Tá an t-imoibriú ceimiceach mar an gcéanna do gach tairgeoir, rud a fhágann go bhfuil an cóimheas a fhaightear ó thaifid táirgeachta Ajinoriki ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar fáil go ginearálta don tionscal seo ([12]). Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhféadfadh na mínithe ó Ajinoriki na neamhréireachtaí a réiteach. Trí fhaisnéis neamhréireach a sholáthar, níor chuir Ajinoriki an fhaisnéis ba ghá ar fáil de réir bhrí Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán.

(43) Trí úsáid a bhaint as an meánchostas táirgthe MYR [5-6] in aghaidh an chileagraim (de réir an leagain roimhe seo den fhreagra a thug Ajinoriki ar an gceistneoir, atá comhsheasmhach le méid na n-ábhar ionchuir is gá de réir a thaifead táirgeachta féin) chun luach glútamáite monasóidiam leathchríochnaithe (i.e. glútamáit mhonasóidiam neamhphacáistithe) agus glútamáit mhonasóidiam chríochnaithe (i.e. atá pacáistithe cheana féin) mar a tuairiscíodh sna ráitis airgeadais iniúchta ón 31 Lúnasa 2023 a thiontú ina mhéid, agus méideanna an táirgthe agus na ndíolachán ina dhiaidh sin á gcur san áireamh suas go dtí deireadh na tréimhse tuairiscithe, fágtar méid idir 3 000 agus 4 000 tona de ghlútamáit mhonasóidiam a díoladh leis an Aontas agus le tríú tíortha eile nach bhféadfaí teacht as a tháirgeadh féin.

(44) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna an táirgeoir, le linn aga neamhfhónaimh táirgeachta mar gheall ar leathnú na saoráidí stórála agus pacáistíochta, glútamáit mhonasóidiam a d'allmhairigh a chuideachta trádála ghaolmhar ón tSín roimhe sin a onnmhairiú chuig an tAontas freisin.

([12]) Féach roinn 70 den iarraidh: 'Chun 1 000 kg de ghlútamáit mhonasóidiam a thiontú, tá gá le thart ar 800 kg d'aigéad glútamach (fachtóir coinbhéartachta)'.

2.5. **Gan údar maith dóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch seachas forchur na dleachta**

(45) Ceanglaítear le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán go ndéanfar an t-athrú ar an ngréasán trádála mar gheall ar chleachtas, ar phróiseas nó ar obair nach bhfuil cúis chuí ná bonn cirt eacnamaíoch leordhóthanach leis, seachas forchur na dleachta. Áirítear coinsíneacht an táirge atá faoi réir na mbeart atá ann cheana trí thríú tíortha, agus cóimeáil páirteanna/oibríochtaí críochnaithe i dtríú tír i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Bhun-rialachán sa chleachtas, sa phróiseas nó san obair.

(46) Cinneadh san imscrúdú gur cuireadh tús le hoibríochtaí cóimeála Ajinoriki, an t-aon táirgeoir sa Mhalaeisia, a dhéanann beagnach gach allmhairiú glútamáite monasóidiam ón Malaeisia, tar éis fhorchur na mbeart bunaidh; oibríochtaí arb ionann iad agus imchéimniú de réir Airteagal 13(2), in 2019 (féach aithris (35)).

(47) I bhfianaise na n-eilimintí uile sin, ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh cúis mhaith leordhóthanach ná bonn cirt eacnamaíoch, seachas forchur na dleachta, le tús a chur le hoibríochtaí próiseála Ajinoriki sa Mhalaeisia agus leis an méadú dá bharr sin ar onnmhairí glútamáite monasóidiam chuig an Aontas. Bhí an t-athrú ar an ngréasán trádála mar thoradh ar an bhfíoras gur tosaíodh oibríocht tar éis fhorchur na mbeart bunaidh.

2.6. **Fianaise ar dhíobháil nó an bonn a bheith á bhaint d'éifeacht cheartaitheach na mbeart i dtéarmaí cainníochtaí agus/nó praghsanna**

(48) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar bhain allmhairí an táirge faoi imscrúdú, ó thaobh cainníochtaí agus praghsanna de araon, an bonn d'éifeachtaí ceartaitheacha na mbeart atá i bhfeidhm faoi láthair.

(49) Tháinig méadú suntasach ar chainníochtaí glútamáite monasóidiam a allmhairíodh isteach san Aontas i ndearbhmhéideanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus is thart ar 10 % de thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse tuairiscithe a bhí i gceist leis na cainníochtaí. Rinneadh meastachán ar thomhaltas san Aontas ar bhonn na hiarrata ([13]).

(50) Le praghsanna allmhairiúcháin glútamáite monasóidiam ón Malaeisia sa tréimhse tuairiscithe, rinneadh sladghearradh ar phraghsanna an Aontais a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ([14]).

(51) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur baineadh an bonn de na bearta atá ann cheana ó thaobh cainníochtaí agus praghsanna de mar gheall ar na hallmhairí ón Malaeisia.

2.7. **Fianaise maidir le dumpáil**

(52) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú freisin féachaint an ann d'fhianaise maidir le dumpáil i ndáil leis na gnáthluachanna a suíodh roimhe sin don táirge comhchosúil.

(53) Rinne an Coimisiún comparáid idir meánphraghsanna onnmhairiúcháin glútamáite monasóidiam ón Malaeisia sa tréimhse tuairiscithe, bunaithe ar shonraí fíoraithe Ajinoriki, agus na gnáthluachanna a suíodh don tSín san imscrúdú deireanach ar an athbhreithniú éaga, luachanna a coigeartaíodh le haghaidh boilscithe ([15]).

(54) Leis an gcomparáid idir na gnáthluachanna agus na praghsanna onnmhairiúcháin, léiríodh gur onnmhairíodh glútamáit mhonasóidiam a d'onnmhairigh Ajinoriki ar phraghsanna dumpáilte le linn na tréimhse tuairiscithe.

([13]) Iarraidh, ailt 89 go 92, foilseáin 15 agus 17.
([14]) Iarraidh, ailt 95, foilseáin 18.
([15]) An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta: Ráta boilscithe, meánphraghsanna do thomhaltóirí (athrú bliantúil faoin gcéad), https://www.imf.org/external/datamapper/PCPIPCH@WEO/CHN/EU***.

2.8. **Conclúid**

(55) Comhlíontar 4 choinníoll d'Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Ar an gcéad dul síos, tháinig an Coimisiún ar athrú ar ghréasán na trádála idir an tAontas, an tSín agus an Mhalaeisia. Ar an dara dul síos, de bhrí go raibh beagnach gach onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse tuairiscithe i gceist le honnmhairí Ajinoriki, cinneadh gur eascair an t-athrú ar an ngréasán trádála as cleachtas, próiseas nó obair nach raibh cúis chuí nó bonn cirt eacnamaíoch leormhaith leis seachas forchur na dleachta. Ar an tríú dul síos, chinn an Coimisiún go raibh an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na dleachta frithdhumpála. Ar an gceathrú dul síos, fuair an Coimisiún fianaise ar dhumpáil.

3. **BEARTA**

(56) Ar bhonn na dtorthaí thuas, mheas an Coimisiún ar deireadh go raibh imchéimniú á dhéanamh ar na dleachtanna frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí glútamáite monasóidiam de thionscnamh na Síne i gcás allmhairí glútamáite monasóidiam a choinsínítear ón Malaeisia.

(57) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) den bhun-Rialachán, ba cheart na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí glútamáite monasóidiam de thionscnamh na Síne a leathnú chun allmhairí an táirge faoi imscrúdú a chumhdach.

(58) De bhun Airteagal 13(1), an dara mír den bhun-Rialachán, is iomchuí an dleacht a bhunaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún a leathnú, ar dleacht frithdhumpála chinntitheach 39,7 % í is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc.

(59) De bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, lena bhforáiltear gur cheart feidhm a bheith ag aon bheart dá leathnaítear i gcás allmhairí a tháinig isteach san Aontas faoi chlárú arna fhorchur leis an Rialachán tionscnaimh, tá dleachtanna le bailiú i leith na n-allmhairí cláraithe sin arb allmhairí an táirge atá faoi imscrúdú iad, i gcomhréir le torthaí an imscrúdaithe seo.

4. **IARRATAÍ AR DHÍOLÚINTÍ**

(60) Mar a dtugtar tuairisc air thuas, suíodh go raibh Ajinoriki páirteach i gcleachtais imchéimnithe. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir díolúine a dheonú don chuideachta sin de bhun Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán.

5. **NOCHTADH**

(61) An 21 Feabhra 2025, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe uile as ar eascair na conclúidí thuas do na páirtithe leasmhara uile agus d'iarr sé orthu a mbarúil a thabhairt.

(62) D'aimsigh an Coimisiún earráid chléireachais in aithris (45) inar fágadh an focal 'is dócha' ar lár. Ba cheart an aithris a léamh mar seo a leanas: 'a d'allmhairigh a chuideachta trádála ghaolmhar ón tSín roimhe sin, is dócha.'.

(63) Chuir Ajinoriki barúlacha isteach inar mhaígh sé nach raibh aon athrú ar ghréasán na trádála, ar leibhéal na tíre ná ar leibhéal na cuideachta, rud a léireodh imchéimniú. Go háirithe, níor allmhairigh Ajinoriki glútamáit mhonasóidiam ón tSín riamh agus bhí a chuideachta trádála ghaolmhar tar éis glútamáit mhonasóidiam na Síne a allmhairiú roimhe sin ag ráta cobhsaí, ar díoladh í sa Mhalaeisia. Thairis sin, níor tháinig allmhairí glútamáite monasóidiam na Malaeisia isteach san Aontas in ionad ghlútamáit mhonasóidiam na Síne. Ina ionad sin, tháinig méadú ar an dá allmhairiú an tráth céanna, rud a léiríonn éileamh níos airde ar ghlútamáit mhonasóidiam allmhairithe gan beann ar a thionscnamh. A mhéid a bhaineann leis an méadú ar mhéideanna onnmhairiúcháin glútamáite monasóidiam ón Malaeisia, bheadh údar leis sin mar gheall ar fhíormhéadú ar tháirgeadh intíre. Ina theannta sin, ba é cuideachta anaithnid a thairg sonraí custaim na Síne ar a raibh AFE ag brath, agus tagann na sonraí sin salach ar shonraí oifigiúla an rialtais. Aon athrú ar an treocht a shainaithin an Coimisiún a mhéid a bhaineann leis an méadú ar mhéideanna allmhairí glútamáite monasóidiam na Síne isteach sa Mhalaeisia le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus le tús allmhairí aigéid ghlútamaigh na Síne isteach sa Mhalaeisia ó 2021, ní féidir é a chur i leith Ajinoriki ná a chuideachta trádála ghaolmhar.

(64) Tugann an Coimisiún dá aire gur bhunaigh sé a anailís treochta go heisiach ar fhaisnéis fhíoraithe Ajinoriki agus ar staidreamh oifigiúil trádála atá ar fáil go poiblí. Ní aontaíonn an Coimisiún le maíomh Ajinoriki nach bhfuil aon athrú ar ghréasán na trádála, toisc go n-éileodh sé sin caidreamh inbhéartach idir onnmhairí glútamáite monasóidiam na Síne agus na Malaeisia chuig an Aontas, rud a thabharfadh le tuiscint gur cuireadh in ionad onnmhairí ón tSín. Go deimhin, níl aon tagairt in Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán do cheanglas allmhairí ó thíortha imchéimnithe a chur in ionad allmhairí de thionscnamh tíortha atá faoi réir na dleachta frithdhumpála mar choinníoll chun teacht ar imchéimniú ([16]). Ina ionad sin, tá an patrún athraithe mar gheall ar onnmhairí méadaithe aigéid ghlútamaigh ón tSín go dtí an Mhalaeisia, mar is léir ó staitisticí allmhairiúcháin na Malaeisia atá ar fáil go poiblí.

(65) D'áitigh Ajinoriki freisin nach raibh aon nasc idir bunú a tháirgeachta féin agus na bearta frithdhumpála arna bhforchur ag an Aontas. Os a choinne sin, tá bunaitheoirí na cuideachta gníomhach i ngnó glútamáite monasóidiam ó 2005 i leith, i.e. roimh thionscnamh an imeachta frithdhumpála in 2007. Thairis sin, cuireadh tús leis an táirgeadh in 2019, i.e. 11 bhliain tar éis an chéad fhorchur dleachtanna in 2008 agus 4 bliana tar éis an dara forchur dleachtanna in 2015 (go héifeachtach 5 mhí roimh dhul in éag reachtúil na mbeart i mí Eanáir 2020). I bhfianaise na bearna sa mhargadh chun glútamáit mhonasóidiam a tháirgeadh sa Mhalaeisia, bheadh gníomhaíochtaí bhunaitheoirí na cuideachta chun a ngnó a leathnú go hingearach isteach i dtáirgeadh glútamáite monasóidiam trí úsáid a bhaint as a n-eolas carntha tionscail, a bhfios gnó agus a rúin trádála réasúnta agus nádúrtha agus i gcomhréir leis an gciall choiteann. Dá bhrí sin, go deimhin, tá cúis chuí agus bonn cirt eacnamaíoch le bunú agus oibriú saoráide táirgthe.

(66) Maidir leis na hargóintí a chuir Ajinoriki ar aghaidh, tugann an Coimisiún chun suntais go gceanglaítear le hAirteagal 13(2)(a) den bhun-Rialachán gur cuireadh tús leis an oibríocht, nó gur tháinig méadú mór uirthi, ón tráth a tionscnaíodh an t-imscrúdú frithdhumpála, nó díreach roimhe. I ndáil leis sin, ar choinníoll gur cuireadh tús leis an oibríocht atá i gceist tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, ní fhorchuirtear le hAirteagal 13(2)(a) den bhun-Rialachán aon cheanglas maidir leis an ngaireacht ama idir an tionscnamh agus tús na hoibríochta cóimeála. Ós rud é gur chuir Ajinoriki tús lena chuid oibríochtaí agus bearta i bhfeidhm, comhlíonann sé an ceanglas dlíthiúil cheana féin. Dá bhrí sin, ós rud é nár comhlíonadh na híoschritéir i bhfoirm na dtástálacha 60 % agus 25 % de réir Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán i ndáil le gníomhaíochtaí táirgthe Ajinoriki, ní léirítear cúis chuí leis sin díreach toisc gur cuireadh tús leis an oibríocht chóimeála blianta tar éis fhorchur na dleachta tosaigh.

(67) D'easaontaigh Ajinoriki freisin go raibh modhnú beag ar an táirge lena mbaineann i gceist lena ghníomhaíochtaí táirgthe chun é a bhaint de raon feidhme na mbeart. Thairis sin, mhaígh Ajinoriki nach raibh baint aige le coinsíneacht an táirge lena mbaineann ón tSín tríd an Malaeisia, ná le hatheagrú na mbealaí dáileacháin a raibh an toradh céanna orthu. Mhaígh sé freisin nach raibh oibríochtaí cóimeála i gceist le hoibríochtaí monaraíochta Ajinoriki ach oiread. Maidir leis an gcuid dheireanach sin, gan trácht ar an tástáil 60 %, chuir Ajinoriki i gcoinne chinneadh an Choimisiúin nár mhó ná 25 % an luach a cuireadh leis na hábhair a úsáideadh chun glútamáit mhonasóidiam a tháirgeadh.

(68) Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús nach luaitear ina dhoiciméad nochta cleachtais imchéimnithe a bhfuil modhnú beag i gceist leo. A mhéid a bhaineann le cleachtas imchéimnithe thrasloingsiú ghlútamáit mhonasóidiam na Síne sa Mhalaeisia, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sin trí chomparáid a dhéanamh, ar thaobh amháin, idir cainníochtaí glútamáite monasóidiam a onnmhairíodh chuig an Aontas, mar a dhíorthaítear ó staidreamh trádála poiblí don Mhalaeisia agus don Aontas, agus, ar an taobh eile, cainníochtaí glútamáite monasóidiam a dhíol Ajinoriki, an t-aon táirgeoir aitheanta amháin sa Mhalaeisia, a mhéid a d'fhéadfaí iad a fhíorú mar chainníochtaí de thionscnamh a tháirgthe féin. Tá aicmiú ghníomhaíochtaí monaraíochta Ajinoriki mar oibríocht chóimeála/oibríocht chríochnaithe bunaithe ar úsáid na faisnéise fíoraithe maidir le costais a sholáthair Ajinoriki ina fhreagra ar an gceistneoir i gcomhréir le forálacha ábhartha Airteagal 13(2) den bhun-Rialachán. Ós rud é nár chuir Ajinoriki aon fhaisnéis infhíoraithe nua isteach ina leith sin, diúltaítear don mhaíomh thuas.

([16]) Breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2014, *Simon, Evers & Co. GmbH v Hauptzollamt Hamburg-Hafen*, C-21/13, ECLI:EU:C:2014:2154, mír 49.

(69) D'áitigh Ajinoriki freisin nach ndearnadh aon díobháil don iarratasóir mar thoradh ar allmhairí glútamáite monasóidiam ón Malaeisia, ag tagairt d'fheidhmíocht airgeadais an iarratasóra, rud a léirigh díolacháin agus brabúis mhéadaithe, agus ós rud é go bhfuil an t-iarratasóir faoi úinéireacht iomlán cuideachta Seapánach, Ajinomoto Co. Inc. D'áitigh Ajinoriki freisin go raibh cinneadh an Choimisiúin maidir le dumpáil neamhiontaofa mar gheall ar úsáid mhíchuí gnáthluachanna na Síne, rud nár léirigh costais agus dálaí an mhargaidh sa Mhalaeisia.

(70) Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús nach gá anailís iomlán ar dhíobháil a dhéanamh i gcomhthéacs imscrúdú frith-imchéimniúcháin, ós rud é gur suíodh an ghné sin cheana féin san imscrúdú bunaidh a raibh imchéimniú na mbeart mar thoradh air. Chuige sin, léirigh an t-imscrúdú go leordhóthanach go bhfuil an bonn á bhaint d'éifeachtaí ceartaitheacha na ndleachtanna frithdhumpála ó thaobh praghsanna agus/nó cainníochtaí de. Thairis sin, tagraítear go soiléir san fhoráil ábhartha don 'ghnáthluach a suíodh san imscrúdú bunaidh', rud a chuireann bac ar cheanglas corrlach dumpála nua a ríomh le haghaidh onnmhairí glútamáite monasóidiam na Malaeisia. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don 2 argóint thuas chomh maith.

(71) Ina bharúlacha, d'iarr an t-iarratasóir ar an gCoimisiún úsáid níos leithne a bhaint as na fíorais a bhí ar fáil ar an bhforas gur sholáthair Ajinoriki faisnéis mhícheart maidir le glútamáit mhonasóidiam fhéintáirgthe, rud ba cheart a bheith ina chúis le húsáid na bhfíoras a bhí ar fáil le haghaidh na hanailíse iomláine agus ní hamháin le haghaidh an mheasúnaithe ar thrasloingsiú. Tá iarracht Ajinoriki an Coimisiún a chur amú trí fhaisnéis bhréagach a sholáthar soiléir óna éileamh gur féidir leis trí nó ceithre thonna de ghlútamáit mhonasóidiam a tháirgeadh ó thona amháin d'aigéad glútamach, rud atá dodhéanta go ceimiceach. Chuir an t-iarratasóir i gcoinne chinneadh an Choimisiúin freisin gur táirgeoir é Ajinoriki agus nach bhféadfadh ach idir 3 000 agus 4 000 tona de ghlútamáit mhonasóidiam teacht óna tháirgeadh féin. Os a choinne sin, ríomh an t-iarratasóir nach bhféadfadh an próiseas tiontaithe ach cuid bheag d'onnmhairí ghlútamáit mhonasóidiam Ajinoriki chuig an Aontas a chumhdach agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh formhór a onnmhairí mar thoradh ar thrasloingsiú glútamáite monasóidiam de thionscnamh na Síne.

(72) Ní aontaíonn an Coimisiún leis an measúnú dlíthiúil ar na hiarmhairtí a bhaineann le faisnéis mhíthreorach a sholáthar maidir le luacháil stoc glútamáite monasóidiam. Bhí an Coimisiún in ann a ríomh ar chainníochtaí glútamáite monasóidiam a d'eascair as tuilleadh próiseála ar aigéad glútamach ag saoráidí Ajinoriki a bhunú ar fhíorais fhíoraithe a bhaineann le ceannacháin amhábhar agus ionchuir eile, taifid táirgeachta agus díolacháin glútamáite monasóidiam críochnaithe. Bhí an fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach teoranta do mhéid na stoc tosaigh sa tréimhse tuairiscithe, a eisiadh dá bhrí sin ón ríomh. Tugann an Coimisiún dá aire freisin, de réir na dtaifead táirgthe a choimeádtar in Ajinoriki, go raibh an cóimheas táirgeachta idir aigéad glútamach agus glútamáit mhonasóidiam i gcomhréir le fíorais eolaíocha. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil dearbhú an iarratasóra nach mór d'fhormhór mór na glútamáite monasóidiam arna dhíol ag Ajonoriki leis an Aontas eascairt as ceannacháin glútamáite monasóidiam na Síne roimhe sin seachas as próiseáil aigéad glútamach Ajonoriki ag brath go mór ar fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta agus atá san iarratas. Murab ionann agus an fhianaise sin, a bhí leordhóthanach ann féin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe, tá torthaí an Choimisiúin bunaithe go heisiach ar shonraí fíoraithe cuideachta, sonraí atá níos mionsonraithe.

(73) D'áitigh allmhaireoir amháin de chuid an Aontais a bhí ag comhoibriú san imscrúdú nárbh ionann allmhairí glútamáite monasóidiam ón Malaeisia agus imchéimniú ar na bearta frithdhumpála a forchuireadh ar an tSín, rud a thabharfadh údar leis na bearta atá ann cheana a leathnú chuig allmhairí ón Malaeisia. Mhaígh an páirtí céanna, agus é ag tagairt do phraghsanna glútamáite monasóidiam na Malaeisia, a bhí i bhfad níos airde i gcomparáid le glútamáit mhonasóidiam na Síne, nár léirigh an t-imscrúdú gur dumpáladh coinsíneachtaí glútamáite monasóidiam na Malaeisia agus nár léiríodh go ndéanfadh siad díobháil do thionscal an Aontais. D'áitigh an páirtí freisin go gcuireann an próiseas táirgthe sa Mhalaeisia luach suntasach leis an táirge, arb ionann é agus níos mó ná 25 % den chostas táirgthe. Ar deireadh, thug an páirtí le fios go mbeadh tionchar diúltach ag forchur beart frithdhumpála ar allmhairí ón Malaeisia ar shaoriomaíocht agus go mbeadh monaplacht mhargaidh ag táirgeoir Eorpach mar thoradh air, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dháileoirí agus do thomhaltóirí.

(74) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na barúlacha agus ar na hargóintí sin agus athdhearbhaíonn sé nach bhforáiltear sna forálacha lena rialaítear an cineál sin imscrúdaithe do chinneadh na gcorrlach dumpála a bhaineann go sonrach leis an Malaeisia ná d'anailís díobhála a théann níos faide ná an cinneadh maidir leis an mbonn a bhaint de na bearta atá ann cheana (féach aithris 70). Thairis sin, ní bhaineann na forálacha ábhartha le leas an Aontais a bhreithniú faoi Airteagal 21 den bhun-Rialachán. Thairis sin, níor cuireadh aon fhigiúirí infhíoraithe ar fáil go fóill chun bunús a thabhairt leis an amhras a tharraing an páirtí anuas maidir le cinneadh an bhreisluacha a cuireadh leis an gcuid a tugadh isteach. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh thuas.

(75) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1167 ón gCoimisiún ([17]), ar allmhairí glútamáite monasóidiam atá faoi láthair faoi chód AC ex 2922 42 00 (cód TARIC 2922 42 00 20) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, leathnaítear í leis seo chun allmhairí glútamáite monasóidiam, a aicmítear faoi láthair faoi chód AC ex 2922 42 00 a choinsínítear ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, a chumhdach (cód TARIC 2922 42 00 15).

2. Is í an dleacht a leathnaítear an dleacht frithdhumpála 39,7 % is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile' sa tSín (cód breise TARIC A999).

3. Baileofar an dleacht a leathnaítear le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcás allmhairí arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1976.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1976.

Airteagal 3

Diúltaítear don iarraidh ar dhíolúine a chuir Ajinoriki MSG (M) Sdn Bhd isteach.

Airteagal 4

1. Déanfar iarrataí ar dhíolúine ón dleacht a leathnaítear le hAirteagal 1 i scríbhinn i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus ní mór do dhuine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar an eintiteas atá ag iarraidh na díolúine na hiarrataí a shíniú. Ní mór an iarraidh a chur chuig an seoladh seo a leanas:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Trade
Oifig Stiúrthóireacht G:
CHAR 04/39
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

2. I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036, féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, díolúine allmhairí ó chuideachtaí nach ndéanann imchéimniú ar na bearta frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1167 ón gCoimisiún, a údarú ón dleacht a leathnaítear le hAirteagal 1.

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1167 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh DhaonPhoblacht na Síne agus na hIndinéise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach (IO L 181, 7.7.2022, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1167/oj).

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN